# SCÉAL ÚR

IRIS GHAELTACHT BHEAL FEIRSTE

A Luach - Real
Iml. 1. Uimh 21.

Mean F. 17, 1966.

Arna fhoilsiú ag: FOLLUS, 11 Sráid Cawnpore, Béal Feirste, 13. Arna cló-bhualadh ag: "Donegal Democrat", Béal Atha Seanaigh, Tír Chonaill.

Cuirtear ábhar scríbhneoireachta chuig:

An tEagarthoir, FOLLUS,
11 Sráid Cawnpore,
Béal Feirste, 13.
Guthán 33040.

Cuirtear ábhar fógraíochta chuig: SPASCO,
29 Knockbraken Crescent,
Ceathrú Aodha Dhuibh,
Béal Feirste.
Guthán 827720.


## CURSAI OIDEACHAIS

(Le BRIAN Ó MAOILEOIN)

I nalt a bhí agam ar an chéad eagrán de'n pháipéar seo thug mé iarraidh daoine a bhfuil baint aca le hoideachas a bhogadh le smaointiú ar an easbhuidh mhilltinigh atá ar Ghaeil i dtaca le córas oideachais a bheadh ag fóirstin do'n tsaol atá siad a chaitheamh nó ar mhaith leo a chaitheamh má tá ciall ar bith le bheith ag foghlaim na teangadh. Luaidh mé an cheist a chuireas daoine nach ndeán mórán machtnaithe ar na gnaithe ar lanúnacha atá ag tógáil páistí le Gaeilg:—"Caidé dhéanfas siad nuair a théid siad ar scoil?" Agus ar ndóighe, té deirfeadh leo gurb ar scoil Ghaeilge a bheas a pháistí ag dul, féadaidh sé bheith ag dúil le na chéile chomhraic fiche deacracht a thaisbeáint dó, amhail a's mur dtigeadh leis féin an méid sin agus tuilleadh a fheiceáil. Agus, má theisbeánann sé go dtig leis iad a réiteach, thig leis a bheith ag dúil leis an chéad cheist eile: "Ach caidé dheánfas siad nuair a thiocfas siad go dtí aois an 11 plus."

Leis an fhírinne dhéanamh, is beag is fiú bheith gaibhte le na leithéid 'e dhuine. Ní thuigfeadh sé go cionn i bhfad, dá dtuigeadh sé ar chor ar bith. Ní thuigfeadh sé mar thuigfeadh na tuismitheoirí nach ceist deachrachtaí a bhí ann ach ceist riachtanais. I ndiaidh an iomláin, bhfuil ciall ar bith dáiríribh ar na saoltaí seo le oideachas Gaelach a thabhairt do pháistí sa 'bhaile agus annsin iad a thionntódh amach i mbéal a gcinn go dtí áit nach bhfuighidh siad, dá náisiúntaí na múinteoirí, ach scolaíocht ghallta. Bhí an tam ann is dóiche nuair nach rabh an dara suí sa' bhuailidh ag tuismitheoirí Gaelacha. (Is ar na Sé Chonndae atá mé ag smaointiú, ar ndóighe). Daoine a thóg páistí le Gaeilg suas le deich mbliana fichead ó shoin rinne siad rud nach rabh mórán eile a dhéanamh sa Ghalltacht agus bhí ábhar éigin dócháis aca is dóiche go mbeadh an teangaidh ag dul ar aghaidh sa' deisceart agus gur leor oideachas an bhaile ag na bpáistí le iad a fhágáil réidh le na bpáirt a ghlacadh sa' tsaol úr a bhí ag teacht.

'Sé an duifear atá ann inniu, áfach, gur léar nach bhfuil saol úr ar bith ag teacht mur ndéan muid féin é. Is mó a táthar a thuigbheáil sin inniu ná mar tuigeadh ariamh roimhe é. Tá na Gaeil ag toiseacht a neagrú féin mar phobal. Sula rabh siad 'na bpobal ceart afach teastaíonn seirbhísí de gach cineál uafa, córas iomlán geilleagair go dearfá, a mbéidh córas oideachais 'na chuid dó. Ar an ábhar sin caithfidh muid gan baraíocht a dhéanamh de na deachrachtaí. Tuigeann muid uilig gur beag rud atá le fáil ar an tsaol seo i naiscidh. Tuigeann muid fosta gurb éigin bheith dána go minic má tá muid le rudaí a fháil déanta. Níos mó ná rud ar bith eile teastaíonn samhlaíocht mhór. Nó is éigean dúinn cuid mhór de na sean bharúlacha a bhí againn a chaitheamh uainn. Níl maith dúinn a bheith ag iarraidh an córas úr a bhunú go hiomlán ar an chóras a bhí ann go dtí seo . . . ar chóras a bhí ár loit. Ar an ábhar sin ná héirímis buartha má chluin muid fiú ár gcáirde ag lochtú an chórais úir ar an ábhar nach furast cosúlacht ar bith a fheiceáil eadar é agus cá bith rud a bhí ann go dtí seo. Agus ná dean amaís barraíocht iontais de dhaoine a cháinfeadh muid agus a chaithfeadh 11 plus agus an amaidí sin uilig chugainn. Baineann sin do'n ré dhorcha. Tá réabhlóid ar siúl agus ní chun tosaigh a bhí córas oideachais na hÉireann. Mar sin dó sé an manadh amháin a ba chóir a bheith againn, "Caidé dhéanfas siad léithe?" (scolaíocht ghallta) i nait "Caidé dhéanfas siad gan í?" Agus sé an dara manadh nó an dara intinn a ba chóir a bheith againn nach ag iarraidh bheith ar chomh-chéim le córas an lae inniu atá muid ach ag iarraidh bheith chun tosaigh air.

(Tuilleadh an tseachtain seo chugainn).


## INSTITIUD AN OIDEACHAIS

**CLÁRAIGH ANOIS DO SHÉISIÚN 1966-'67**

**CÚRSAÍ DIOPLÓMA AGUS ARD-DIOPLÓMA**

G.C.E. AGUS CÉIMEANNA OLLSCOIL LONDAIN

**ÁBHAIR: Gaeilg, Stair, Tír-eolas, Béarla, Frainncis, Laidin, Esperanto, Feallsúnacht, Siceolaíocht, Eacnamaíocht, srl.**

(Foscailte do dhaoine os cionn 17 mbliana).

Is cuma caidé an toideachas a fuair tú roimhe. Thig leat chur leis. Deán dearmad de shean-nóiseáin. Thig linn cuidiú leat cailíochtaí iontrála Ollscoil ar bith a ghnothú taobh istigh de dhá bhliain. Má's mian leat clárú, nó eolas nó comhairle a fháil scríobh chugainn anois, nó glaodh ar 3340 (Béal Feirste).

**INSTITIÚD AN OIDEACHAIS**

**54, Royal Avenue, Béal Feirste 1.**

AN CÓRAS OIDEACHAIS ATÁ DÍRITHE AR RIACHTANAISÍ GAEL





### LOCHLANNACH IN ÉIRINN

Tá Kjartan Simonses as an Danmhairg, máistir scoile agus údar, ar chuairt fhada anseo in Éirinn, agus rún aige leabhar a scríobh fá dtaobh dúinn. Bhí sé anseo roimhe ar chuairt ghearr, ach anois tá foilsitheoir indiaidh é a chur chugainn go ndéanaidh sé scrúdú ar an tír agus cur síos ar an chosúlacht atá idir í agus a thír féin.

Go dtí seo ní rabh d'eolas ar Éirinn sa Danmhairg ach an méid a fionnadh as sean-láimhscríbhinní Béarla, a rá gur tír dhorcha Éire, lán de phlochógaí gruama agus portaigh. Sa leabhar úr seo béidh pictiúraí a thaispeánfas áilleacht na tíre agus cuid den dul-chun-cinn atá déanta i gcúrsaí geilleagair. Béidh cur-síos ar leith ar Thír Chonaill, agus tá Kjartan anois ag stopadh i nDruim Ruisc le dream de mhuintir Mhic Chormaic.

### EIS IMIRCE

Anois, nuair is mó na seansanna go bhfaighfeadh duine obair in Éirinn, tá laghdú ag teacht ar an eisimirce agus cuid mhór teaghlach Éireannach sa Bhreatain Mhóir ag pilleadh ar an tsean-fhód. Tá an méid sin ráite i dtuarascála a cuireadh le chéile ag eagraíochtaí Éireannacha i Londain.

### PÁIRC NÁISIÚNTA NA hÉIRNE

Is féidir go mbunófar an chéad Pháirc Náisiúnta ins na Sé Co., i gCo. Fearmanach. Cuireadh Acht Rialtais i bhfeidhm anuraidh a cheadaíos a leithéid. Seo é an chéad iarracht ariamh ag Rialtas Stormont le dúiche iomlán a chur ar fáil ina gcaomhnófaí áilleacht nadúrtha na tíre agus ina mbeadh cead imeachta ag an phobal mhór gan, ar ndóighe, cur isteach ar an phobal áitiúil. Tá Comhairle Chontae Fhearmanach agus Comhairle Tíre Uladh ag plé na ceiste anois.

Níl mórán cónaí sa taobh seo tíre, ina bhfuil dhá Loch Éirne, Loch Mhic an Éin, agus Loch Melvin, agus is áit shocair shuaimhneach í í gcóir iascaireachta agus seoltóireachta. Tré bhunú Pháirc Náisiúnta tá na Sé Co. ag leanstain sampla na Sasana agus na Breataine Bige a bhfuil 10 gcinn de na páirceanna seo iontu cheana.

### TAISME Í bhFANAID

Nuair a tháinig Seán Ó Siadhail na bhaile go luath maidin Dia Luain seo caite, shíl a athair gur gadaí é a bhí ag briseadh isteach sa teach agus scaoil sé urchar gunna leis. Níor marbaíodh an fear óg agus duradh in Ospidéal Leitir Ceanainn, go bhfuil sé "compóirdeach go leor". Aodh Ó Siadhail an t-athair, agus cónaíonn an teaghlach i mBaile Uí Fhuaruisce, Ceann Droma, Fanaid.

Chuala muid ó shoin gur tugadh Aodh óg comhair na cúirte as bheith ag iarraidh a mhac a ghonadh.

### LEAGADH CRANN

Tá an Comórtas Bliantúil Leagadh Crann a chur sa tsiúl an Satharn seo 17ú lá, i nGleann Goirtín, inaice na hOmaighe, í dTír Eoghain. Béidh comórtaisí ann do leagadh le tuagh agus le tioraisc agus fosta roinn ar leith ann do lucht múchtha téinte. Sé Aire Talmhaíochta na Sé gCo., Mr. H. W. West, a bhronnfas na duaiseanna.

### DHÁ MHONARCAIN CHÁISE

Foscladh Monarcha Cháise in Ard Macha ar na mallaibh agus bunófar ceann eile amach anseo i gCo. Aontroma. Tarlach Ó Néill, Príomh-Aire na Sé gCo. a d'fhoscáil an ceann in Ard Macha, ag Uachtarlann Thulach Uí Dhuanagáin. Chosain an áit seo £350,000 agus cuirfidh sé obair ar fáil do 30 nó 40 daoine. Nuair a bheas sé ar obair mar is ceart béidh pearsanna iomlán de 300 ag an uachtarlainn.

An mhorcarca i gCo. Aontroma béidh sí i mBaile an Iúir, á stiúradh ag comhlucht nua-bhunaithe agus béidh sí ag obair láimh as láimh le Bord Báinne na Sé gCo. a bhfuil uachtarlann ansin acu cheana.

### SUPERMARKET I mBEANNCHAR

Tá F. A. Wellworth agus a gCo. fá choinne supermarket úr a bhunú i mBeannchar, Co. an Dúin, a bhéarfas obair do 75 de mhná. Béidh sé suite sa phríomh-shráid. Tá 7 siopaí cheana féin ag muintir Wellworth ins na Sé Co.

### CUAN THRÁ LÍ

Tá Béalfeirsteach, Jack McClelland, indiaidh na 9 míle trasna Cuan Thrá Lí, i gCiarraí a shnámh. Ba é féin an chéad fhear ariamh a rinne é. D'fhan sé trí lá go mbisiodh an aimsear agus bhí sé ar a bhealach go dtí an traen maidin an tríú lá nuair a shocair sé ar dhul arais agus feáchaint leis an turas uisce a dhéanamh. D'éirigh leis, ainneoin a ghloiní uisce bheith briste bunús an ama.

### BRISEADH SA tSEANTEACH

Oíche Luain na seachtaine seo briseadh isteach sa tSeanteach, Sráid Albert, agus goideach luach £40 de thoitíní agus luach £30 de bhiotáilte. An mhuintir a rinne é, bhí fleá acu sular fhág siad an áit. Is cosúil gur isteach ar chúl-fhuinneoig a tháinig siad i ndiaidh daofa barra iarainn a tharraingt amach. D'imigh siad leo amach an príomhdhoras a fágadh foscailte níos luaithe san oíche.

### LEODHASAIGH I mBAILE ARD ULADH

Bhí Gobharnóir na Sé gCo. agus a bhean i measc scaifte i Halla Mount Stewart, Baile Ard Uladh, a chuala beirt Leodhasach, Donnchadh Moireasdan agus Séamus Mac a' Ghobhainn, ag tabhairt dreas ceoil uathu. As Steornabhaigh an bheirt seo agus tá a gclíú fada leitheadach ar fud na hAlba as feabhas a gcuid ceoil. Cuireadh an choirm seo sa tsiúl ar son Chumann na Croise Deirge.

Chualathas amhráin an oíche sin i nGaeilge, Gearmáinis, Iodáilis agus Fraincis agus seinneadh cuid mhaith ar a' chlár-chruit, de cheol a chum Donnchadh é féin.

### LUCHT CANOE

Tá beirt Bhéal Feirsteach a dhul bheith páirteach arís i mbliana i rása canoe ar an Life. Seo ceann de na rásanna is iontaí in Iarthar na hEorpa, agus síneann sé thar na 16 mhíle ó Chill Bhríde go Droichead Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath. George Glasgow, agus Gerry Nevin ainmneacha na bhfear agus ba iad a bhain anuraidh.

(Ar lean. ar leat. 2)

## Cuimhneachan Fear Aontroma

## Leacht Togtha i mBeal Feirste

Dia Domhnaigh seo chuaidh thart, i Roilig Bhaile an Mhuilinn, Béal Feirste, beannaíodh agus foscladh leacht i gcuimhne dhuine agus trí scór a d'éag ar son na na hÉireann le 168 bliain anuas. Chruinnigh tuairim a's ar 1,000 duine ar an láthair agus chonaic siad an leacht a dhí-chúdach ag Seosamh Ó Cathail. Ina dhiaidh sin, bheannaigh an tAth. Seán Mac a' tSaoir, S.C., Paróiste Naomh Treasa é, agus dúirt deichniúir den Phaidrín í nGaeilg. Léigh Séamus Ó Crualaoich liosta na bhfear, as Aontroim achan duine acu, agus lena linn sin, sheinn Buíon Ceoil Naomh Pól "Cuimhne na Marbh". Imeasc na ndaoine a bhí i láthair, bhí ionadaithe ó Chonradh na Gaeilge, Cumann na mBan, Sinn Féin, agus brainsí eile de Ghluaiseacht na Poblachta. Tá an leacht tógtha ar uaigh Thomáis Mhic Liaim, storach óg a dúnmharaíodh in 1942 ag Rialtas Stormont. Crochadh é i ndiaidh gur scaoileadh péas san am sin. Daoradh Seosamh Ó Cathail chun báis fosta, ach saoradh ina dhiaidh sin é. Leagadh cuid mhaith bláithfhleasc ag bun an leachta agus thug Seán Mac Stiopháin, An Uaimh, oráid in onóir na marbh. Thrácht sé ar na fir, fir d'achan aicme creidimh, agus dúirt gurbé a ndílseacht d'Éirinn a cheangail le chéile iad, agus a sháraigh cibé ábhar easaontais a bheadh eatorra.

Bhí ionadaithe i lathair ó Chumann na nUaigheann Náisiúnta, Baile Átha Cliath. I láthair fosta, bhí baill de'n Chraobh Speisialta de Chonstablacht Uladh, agus iad ag imeacht fríd an scaifte.

# "The War Game"

Taispeánadh "The War Game" don chéad uair ariamh in Éirinn san amharclann Ambassador, Béal Feirste, an seachtain seo caite. Muna bhfaca tú an iarracht seo leis an saol i ndiaidh cogadh adamhach a thaispeáint, molaim duit iarraidh ar do phictiúrlann áitiul é a fháil comh gasta agus s féidir.

Rinneadh an scannán seo don B.B.C. ag Peter Watkins, ach nuair a bhí sé réidh, shíl an Bord Stiúrtha go rabh sé ró-gharbh le taispeáint ar an telifís. Ní reitím le sin. Caidé eile a d'fhéadfadh sé a bheith ach garbh agus fírinneach? Tá mé féin thar a bheith buíoch do cibé duine a chuir ar fáil annseo é.

Dá mbéinn leis an scannán a lochtú ar chor ar bith, deirfinn nach dteachaigh sé fada go leor le mídaonnacht agus míofaireacht an scéil a léiriú.

Síos fríd nítear iarracht bheith stuama stuideartha fan scéal. Ceanglítear gnéanna éagsúla an phioctiúr le chéile le glór ciúin béasach leitheora B.B.C. An uair is measa an leirscrios agus an gráiniúlacht, leanann an guth ar aghaidh ag tabhairt na fíricí mar dá mbeadh sé ag cur síos ar nuaíocht choitianta an lae. Ní h-ionann sin is a rá nach bhfuil lucht déanta an scannáin iontach connasach fan mhór-chontúirt san domhan anois. Nó nach bhfuil siad tógtha fan bhalla ciúinis atá á thógáil thart ar an cheist seo. Amanna sciúrsáileann "an guth" na treoraithe creidimh agus politíochta as bheith comh dall bomanta mímhacanta sin fa fás stoc na bpléascán seo.

B'fhéidir go smaointeochadh Éireannaigh nach bhfuil siad sa chontúirt chéanna is tá ciníocha eile na hEorpa is S.A.M. Ach ní ghlacann sé ach meancóg beag amháin comhairimh ar thaobh na "Rúise" agus in ionad Learpholl, Bristol agus Manchún bheith scriosta loitfí Baile Átha Cliath, Corcaigh, Dun Dealgán agus an leath chuid d'iomlán na hÉireann. (Ar ndóigh, tá Béal Feirste san aireamh cheana féin!) Ní samhailt é seo ach feidireacht ró-dhócha.

Is tabhachtach ar fád é go bhfeicfeadh a oiread de mhuinntir an domhain an scannán seo is a dtig. B'fhearr i bhfád go bhfeicfeadh siad é agus iad ina suí go seascair sa bhaile. Mar sin de, scríobhaigi chuig cibe udaras teilifise atá freagarthach díbh ag impidhe orthu "The War Game" a chraolu.

# O Seo go Siud

(Le MAGHNUS)

Comhrádh a chuala mé an lá fá dheireadh. Shíl mé go mbfhéidir go mbeadh dúil agaibh ann . . . .

"Seo. 'Bhfuil tusa 'g'ul a bheith do luí annsin ar feadh an lae uilig? Muscail leat."

"Dar Fiadh. Ceithre mhí sa' teach agus gan a'n mhaidin ann ó tháinig mé nach dtig duine einteacht agaibh-se 'mo mhuscladh agus a fhiafraí domh bhfuil mé 'g'ul a fhanacht mo cholladh feadh an lae."

"Agus cá rabh tú?"

"Nach greannmhar atá tú? Cá rabh mé? Nach go maith atá 'fhios agat nár bhog mé cos as an teach? Cá háit eile rabh mé ach annseo mo cholladh?"

"Caidé sin a deir tú?"

"Dar an Leabhair, 's nach ceist bhomanta í sin? Bhfuil 'fhios agat? Dá bhfeictheá d'aghaidh mar a tchím-se í, ní bhéitheá 'bhfad go néireóchthá as an chineál sin cainte."

"Bhal eist leis. É 'na luí annsin agus gan é bheith abálta 'dhath a dhéanamh ar a shon féin. Agus seo é ag 'ul a dh'innse dúinn uilig an dóigh lenár ngnaithe féin a dhéanamh."

"Ceart go leor. Caithfidh mé aidmheáil go bhfuil mé ag brath oraibh. A's ar ndóighe ní thig liom mo chuid smaointeach a chur i niúl mar thig libh-se. Ach tchíthear domh go bhfeicim i bhfad níos mó ná duine ar bith agaibh. Feic sibh féin. Ag smúrthacht thart ó mhaidin go hoíche . . . Anois ná habair a'n fhocal. Tchím sibh go minic. 'S ní thig a' nduine agaibh 'mo chomhair nach ndeán amadán dó féin."

"Seo. Caidé tá ar siúl agat? An síleann tú go dtig liom-sa bheith ag éisteacht leat-sa ar feadh an lae? Bhal níl rún ar bith agam a dhéanamh."

"Níl 'fhios agam bhfuil tú dáiríribh fá sin? Má tá, is maith an tathradh. Shílfeadh duine nach rabh a dhath ar bith eile le déanamh agat ach a bheith ag cur ceisteannaí amaideacha ar mo leithéidse."

"Éist leis an chréatúr. Ag geabaireacht leis gan sos. Nach soineannta atá sé?"

"Soineannta? Geabaireacht? Níl mé cinnte nach céillí mo chuid geabaireachta ná iomlán a bhfuil 'e chaint i do cheann. 'Bhfuil 'fhios agat? Bíonn neart ama agam le bheith ag smaointiú agus mé 'mo luí annseo as feidhm, mar deirfeá. Ní thig liom mórán a dhéanamh ar mo shon féin ag an am seo de mo shaol. 'S dóiche gurb í an leabaidh seo is cinniúint domh go cionn fada go leor. Ach ní dochar sin. Foghluimním cuid mhór agus mé mo luí annseo. Tá sibh ocht gcloigne ann sa' teach seo agus, ó'n duine is sine go dtí'n duine is óige agaibh comh fada a's bhaineann sibh liomsa tá sibh ar dhream comh haisteach a's thig liom a shamhail. 'Bhfuil tú do cholladh?' 'Cá rabh tú?' 'Caidé deir tú?' Ceist i ndiaidh ceiste 's gan a'n fhocal céille i gceist ar bith aca."

"Níl 'fhios agam caidé tá mé ag 'ul a dhéanamh leat ar chor ar bith."

"Ní fheicim caidé thig leat a dhéanamh ach mé a choinneáil sa' teach seo nó mé a chaitheamh amach i mbéal mo chinn."

"Maith go leor. Maith go leor. Ní rabh mé ach ar shon grinn. Ní ligfidh mise daofa 'dhath a dhéanamh ort. Ach innis domh. Innis domh cá'l do mháthair?"

"Cá'l mo mháthair? An é go bhfuil tú ag 'ul a sheasamh annsin agus a dh'innse domh nach bhfuil 'fhios agat cá'l mo mháthair? Murb fhuil 'fhios agat-sa níl 'fhios agam cé aige a mbéadh 'fhios."

"Seo glac go réidh é. Nach tú tá ag éirí tógtha. Go réidh. Sin an dóigh. Féach anois thú . . . Ag gáirí leat . . . Cé'n bábaí thú?"

"Dar Fiadh! Cé'n bábaí mé! Agus sibhse an mhuintir a gcaithfidh mise fás aníos leo agus mo shaol a chaitheamh 'na measc! Dia mo shábháil, . .

## IAR-CHOIPEANNA

**SEO an chéad-chóip de "Scéal Úr" a cheannaigh tú ariamh? Tá an páipéar seo ag teacht amach ó thús Mhí Feabhra. Féadaidh tú na h-iar-chóipeanna uilig a fháil ar 6d. an ceann ach scríobh chuig FOLLUS á n-iarraidh.**

# Tri Dantai le Brian O Maoileoin

## PLEISIUR

An cnoc glas,
An cnoc gorm,
Do shúil gheal
Ag amharc orm.
An ghrian gheal
Ag amharc orainn,
Ar chnoc ghlas
Ar chnoc ghorm.

## SAOIRSE?

Tá Éire saor,
a deir siad,
a's cead ag Gaeil

Bheith 'g amharc
i lár na hoíche
ar nuacht an lae,

A's ins an idirlinn
bheith 'g eisteacht
Aifreann Dé.

## TUAR

Tá deirge ins an bhiabhóig
Tá ag éirí as faoi an chré,
'S tá gáire i ndán do'n duine óg
Nach séanann ceol a lae.

'Gus stánaimís go críonna 'súil
Na mblianta gruama d'éag,
'S deanam gáire mín go ciúin
Mar aoibh an Iúil ar ghéig.

Nó murb fhuil a'n mhéid sa bhiabhóig
Tá ag éirí as faoi an chré,
Beidh cístí fós na luí ar bórd;
Sé'n téirí ceol ar lae.

**BRIAN Ó MAOILEOIN.**

# O Chataibh go Corcaigh

(Ar lean. ó leat. 1)

**TEILIFÍS AR CÍOS**

Tá an dá comhlucht "Radio agus Teilifís ar Cíos" is mó ins na Sé Co., Radio Rentals agus Rentaset, indiaidh theacht le chéile faoin aonainm "R.R. Television Rentals." Deir Mr. G. Gamble, duine de na stiúrthóirí go mbéidh siad in inimh seirbhís shár-éifeachtach a chur ar fáil anois agus fosta nuair a thiocfas an teilifís daite i réim. Deir sé gur dóiche go mbéidh cíos 35/- sa tseachtain ar an teilifís daite, cíos a laghdófar ar ndóighe de réir mar a laghdófar luach na ngléasanna féin. Chonnachthas an chomhlucht úr ar obair do'n chéad uair ag an taispeántas "Ideal Home" i mBéal Feirste, atá á reachtáil ag "Telegraph Bhéal Feirste"

**CAOMHNÚ NA nÉAN**

Tá Cumann Cosanta na nÉan i gCúige Uladh agus an Cumann Ríoga fá choinne theacht le chéile le heagraíocht láidir a bhunú a bhéarfas aire mar is ceart don fhadhb. Mr. Frank Hamilton, Albanach ó thús, a bheas in a eagrú do Thuaisceart Éireann.

**CÓSTA OIRTHEAR ULADH**

Tá Comhairle Tuaithe Clochair indiaidh a shocrú go dtabhairfidh siad £150 don Urradhas Náisiúnta a chuideodh le scéim dá chuid atá dírithe ar Chósta Chúige Uladh a chaomhnú ar mhaithe leis an phobal mhór. Dúirt an Caiptín J. Hamilton Stubber ag an chruinniú gurbh fhiu dhul go dtín Choirn nó go h-Alban go bhfeicfí an dóigh ar milleadh na cóstaí ansin cionns gur ligeadh do dhreamanna príobháideacha iad a fhorbairt.

# Bain Ceol As

(Le "PIOBAIRE")

**FÉILE CHEOIL BHÉAL FEIRSTE**

Tionolfar Féile Cheóil Bhéal Feirste i mí Márta agus béidh comórtas úr ann do chóracha. Is í Fundúireacht Peter Stuyvesant a chuirfeas an comórtas seo sa tsiúl agus béidh duais £100 a thairgeadh acu do'n Chór a bhuafas. B'é duine de'n Fhundúireacht, an t-Uasal Derek Smith, a d'fhógair seo ar na mallaibh agus deir sé go mbéidh an comórtas 'a reachtáil ar an 18ú Márta. Béidh cead isteach ag dream ar bith ach béidh ortha 3 phíosa ceoil a chanadh atá scríofa ag cumadóirí an 20ú aois.

**CABARET SAN PHLAZA**

Focal a bhaintear úsáid as rómhinic is eadh an focal cabaret na laethe seo. Sé an bun-chiall a bhí leis, creidim, teach tabhairne san Fhrainnc agus de réir a chéile tugadh an t-ainm ar an taispeantas ceoil a's damhsa a bhíodh ar fáil ann. Cibé fá sin bíonn Oíche Chabaret ar siúl ina lán de na Tithe Osta agus na Títhe Tabhairne annseo le tamall anuas. Anois tá tosnuithe ag lucht riartha an Phlaza ar "Chlub Continental" a reachtáil gach oíche Mháirt ar a mbéidh ceoltóirí agus amhránaithe a bhfuil blas na h-iasachta ar a gcuid ceoil.

**AN CRÚISCÍN PUINS**

Chuala mé ar "Guth Aduaidh" an oíche fá dheireadh aistriú ar "Will ye go lassie, go" agus chuir sin ag smaointiú mé go dtearnadh aistriú ar amhrán eile de chuid Chlann Mhic Phéice. "An Crúiscín Puins" atá i gceist agam agus seo iad na foclaí. Séamus Mac Diarmuda a rinn an tionntú.

Thug mé crúiscín liom agus shuí ar stól,
I mí Féil' Eoin bhí an t-éan dhul ceoil,
Ar ghéagán crainn ag díbreadh léin,
A's b'é an Crúiscín Puins a mhol an t-éan.

Tú-ral-úr-al-ú, tú-ral-úr-al-é
Tú-ral-úr-al-ú, tú-ral-úr-al-é
Ar ghéagán crainn ag díbreadh léin
A's b'é an Crúiscín Puins a mhol an t-éan.

Ar an domhan chlár níl suairceas croí
Agus tú le h-ainnir ar stól 'do shuí
Bíodh agat rogha de na spéir-mhná deas'
Gan an Crúiscín Puins ní fiú do chás.

Oltar Nectar milis ag Baccus cóir
Agus iomad claret ag uaislibh mhór'
Ach na fíontaí seo ag ligfinn leo
Dá mbéadh Crúiscín Puins i mo laimh gach ló.

Ní thig le lia dá léannta é
An dólás croí a bhaint ded' ae
Ach an bacach breac-liath ní agrann Dia
Nuair tá Crúiscín Puins 'á chaitheamh siar.

Nuair a bhéas mé marbh agus sínte fuar
Mar chuimhne ormsa ná h-árduigh túr
I measc mo dhaoiní fág mo chorp le fonn
Agus Crúiscín Puins le mo chois 's lem' cheann.

**SÉASÚR NA bhFÉILTÍ**

Béidh féasta de Fhéiltí againn roimh i bhfad. Tá Féile Scannán Chorcaí ar na gaobhair ag toiseacht ar an 18ú de'n mhí seo. Seachtain a mhairfeas sé. Tá Féile Chiarraí agus a Ros Thrá Lí comórtha go maith fá'n am seo agus Féile Opera Phort Láirge ar siúl i láthair na h-uaire ó 11ú go dtí'n 25ú lá. An mhí seo chugainn béidh ar fáil Féile Drámaíochta Bhaile Átha Cliath ina mbéidh a lán drámaí úra léirithe do'n chéad uair agus níos moille sa mhí cheanna ón 23ú-30ú béidh Féile Opera i Loch Garman.

**AN t-OIREACHTAS**

Tá an t-am ag éirghe gann anois do'n mhuintir sin atá ag cleachtú ceoil fá choinne an Oireachtais mar ní fada go mbéidh na comórtaisí ceoil ag toiseacht. Tá cuid de na comórtaisí eile druidte cheana féin, ar ndóigh,—na comórtaisí litríochta tá mé ag maoidheamh, ach tá seans go fóill ag ceoltoirí a gcuid ainm a chur chun tosaigh.

**ERIC YOUNG**

Casadh Eric orm le linn na laethe saoire agus é ag iarraidh téip-taifeadán a cheannacht i bPáirc na nGabha. Bhí sé ag stoppadh ag Proinsias Mac Péice, rud a ghní sé i gcónai nuair atá sé ar cuairt annseo. Tá aithne mhaith ar Eric ag Muintir Chluain Áird mar is minic a bhí sé ag seinnm annsin ar an phíb Northumbríach.

Ó's ag caint ar Eric atá mé tchím go mbéidh Seachtain Uladh ar siúl i Newcastle-on-Tyne ón 19ú-24ú de'n mhí seo. Cuirfidh deantusóirí Uladh a gcuid abhar ar taispeáint ins na siopaí agus seinnfidh Buíon de Phíobairí as an R.U.R. ins na sráideanna.

**RADIO "FOGHLAÍOCH" NA hALBAN**

Tá fhios ag an tsaol Fodhla go bhfuil stáisiúin radio i gcongar do na h-oileáin seo atá a reachtáil ar neamh-chead do'n dlí agus is feasach fosta go bhfuil Bille 'a ullmhú do Phairlimint Shasana a chuirfeas deire leis na stáisiúin seo go léir.

Béidh seo ag cur cruaidh ar na mílte de dhéagóirí a éisteann leis an stáisiún seo amháin cionnus dúil a bheith acu ins na cláracha a chraoltar. Sárú dlí atá a cleachtú acu, ar ndóigh, ach is minic nach mbíonn toil an phobail agus dlí na tíre ag réiteach le chéile. Ba thrua na stáisiúin bhreise seo bheith daortha. Freastalann siad ar aicme de'n phobal agus aicme atá measartha líonmhar fosta. Dála an scéil craoltar clár de amhráin Ghaillice gach seachtain ón "Radio Fhoghlíach" seo.

**COR OTHARLANN RÍOGA VICTORIA**

Ba nos le cor de bhanaltraí, mic léinn srl. cárúil a chanstain san Otharlainn aimsear na Nollag gach bliain le 15 bhliain anuas. Ní rabh caill ar seo ach go scaipeadh na ceoltóirí indiaidh na Nollag. Cinneadh ar bhunús níos buaine a chur faoi'n chor agus cuireadh cor ar bun 3 bhliain ó shoin a cheolann go rialta i rith na bliana.

Anois tá dhá chéirnín deanta acu. Ceann amháin de chárúil Nollag a eiseofar an mhí seo chugainn agus an dara ceann atá ar fáil anois. Dántaí Diaga atá ar an chéirnín seo.

# LEATHANACH NA mBAN

## Posadh ins an Teaghlach

Má thig leat gúna an phósta a dhéanamh sa bhaile, is féidir cuid mhór airgid a shábháil, sé sin, ar ndóigh má nítear agus críochnaítear go maith é. Is fiú patrún Butterick uimh. 3986 a úsáid, luach 5/6d. Gúna fhada atá ann, le cabhail "Empire" agus sciorta atá beagán ar nós an líne 'A'. Tá na muincillí as an choitian—níolóin mín, breactha le blathanna agus cufa néata ag caol na láimhe. Leis an phatrún tá ceann-bheart bogha agus caille gairid. Costaíonn gúna méid 12 £6-4-0, ag baint úsáid ask réón a bhfuil cuma shíoda air ar 19/11d an slat. Tá ábhar líneála, sip-dhúntoir, cnaipí srl. uilig sa chuntas.

### BAINIS

De ghnathach, ní máthair na brídeóige an bainis a phléanáil. Má's mian leat é bheith agat i dteach ósta áitiúl, béidh ort an seomra a chur in áirithe i bhfád roimh ré (thart fa sé mhí do phósadh Casca) agus fosta, barúil éigin a thabhairt don chineál bhia a bheas a dhith. Má tá do theach féin mór go leor, nó mura bhfuil mórán daoine le bheith i lathair, is féidir an bainis a reachtail sa bhaile. Má nítear seo, is maith an rud é cúntóirí maithe a bheith agat, go h-áirid daoine a bheirfeas an bia thart sa doigh is go dtig leat iomlán d'áire a thabhairt dona aoithe.

Is féidir an chuid is mó den bhia do bhainis "buffet" a ullmhú roimh ré, agus go díreach a chur amach maidin an phósta. Do bhlastógaí, tá taosrán "puff" fíor mhaith—thig leat an cineál reoite a úsáid—ní dhá pacaid 6 oz. thart fa 32 píogíní beaga. Is féidir iad seo a líonadh le sicín, mucmhás nó béacáin. Tá rollaí de ábhar líonta atá beagán as an choitian, mar shampal min mhilis measctha le sicín, foirstineach don chineál seo fosta. Is féidir meirean-gaí agus eadromógaí seaclaide a dhéanamh roimh ré, agus is furas traidhfilí beaga a riaradh i soithí beaga aonair. Thig císte na bainse féin a dhéanamh, ag úsáid oideas ar bith do chiste thoraidh saibhir (ach ná déan dearmad, má tá tú ag déanamh dhá chíste san aon oigh-eann amháin, le iad a choinneáil ann leath uair a chloig sa bhreis). Is deacair an reóán a chur ar an chíste ar dhoigh shnasta, agus má tá tú amhrasach fa seo, is féidir cístí atá maisithe go galánta a cheannacht ó do bhacéir. Go minic is féidir rogha agus togha a dhéanamh.

Do'n shláinte tá Saimpein trad-isiúnta—líonann buidéal amháin 7 nó 8 glionne agus thig leat iad seo a fháil ar iasacht ó'n cheannaí fíon comh maith leis an fhíon féin.


Ná dean dearmad a chinntiú go bhfuil blathanna tarraingtacha ar na tablaí uilig, agus fa dheireadh, dona cairde agus gaoltaí a chuidigh i rith an lae, cupán mór tae.

### SMAOITEACHA ÚRA DO BHABAÍ

Fa dheireadh! Clúidín nach gá bioráin a úsáid leis—tá stiallanna greamaitheacha i ngach coirneal a choinníonn go daingean é. Fhad is go gcoinnítear na stiallanna seo le chéile, is féidir na clúidíní a ní, a fhiúchadh agus a thuaradh. Cos-taíonn siad 40/11d. do 10, nó 5/11d an ceann.

Tá dhá chontúirt folcadáin ann ar féidir a shárú anois. Go minic bíonn eagla ar maithreacha úra go dtuitfidh an leanbh ins an fholcán, cionn is é bheith comh sleamhain sin ina lamha. Sé an reiteach atá ar an fhadhb seo an mata folcadáin is déannaí. Tá sé déanta de éadach utaillí a bhfuil ceap de rubar rocac mhúscanta faoi. Ar an doigh seo, bíonn an leanbh slan sabhailte, agus bíonn do dhá lamh agat le é a ní. Tá an mata seo furas a ní, agus tá luach 12/11d air.

Rud eile a chuireann isteach ar an leanbh ag an am seo, sé sin sobal ag dul isteach ina shúile. Tá leacht ar an mhargadh anois a réitíonn seo —cuirtear san uisce é agus gidh go ndéanann sé an obair céanna le gallúnach, ní bhíonn sobal ar bith ann le cuir isteach ar an leanbh. Tá sé seo saor ar 3/11d.



**GÚNA déanta de bhrocáid le loinnir sróill. Cuid suntasach é, an t-imeall éadrom péarlach fá 'n mhuinéal agus fá na muincillí. Tá sé le cean-nacht ar 26 gn. ó Jean Millar, An Ascal Ríoga, Béal Feirste.**

## CÍARÓ RADIO

**SATURDAY**—4.0, Racing: Irish St. Leger. 4.15, After the Races. 5.1, Ceolta o Albain. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Reacaireach an Riad-aigh. 7.45, Isn't It Strange. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, The Sound of the Light. 10.30, Ceili House. 11.0, Birth of a Ballad.

**SUNDAY**—10.30, High Mass. 11.15, Signpost and Records. 11.30, Service of Morning Prayer. 12.30, American Journey. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall Tonight. 2.45, An Coiciosan. 3.10, National Kilkenny v. New York.; All-Ireland Hurling League Final (2nd leg)—Camgoie Final: Dublin v. Antrim. 5.10, Leol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Likes of Linnane. 8.0, A Concert from the South. 8.30, The Shewing-up of Blanco Posnet. 9.25, Records. 9.30, Big Band Sound. 10.0, News. 10.15, News-point. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Music from Eastern Europe. 11.35, G.A.A. Results.

**MONDAY**—5.1, Out of Doors. 5.15, Songs With Guitar. 5.30, The Wonderful Adventures of Nils. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announce-ments. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumh-ain. 7.30, What Are They Talking About? 8.1, A Corkman Looks at Dublin. 8.30, New History. 8.45, Poetry Review. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Songs in the Night. 10.45, City Newsreel.

**TUESDAY**—5.1, Cantairi Oga Atha Cliath. 5.15, Pedro and the Pigeons. 5.30, Mol an Oige. 555, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The R.T.E. Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, The Betrothed. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Come All Ye Loyal Heroes. 10.45, No Signal Came. 11.15, Unforgettable.

**WEDNESDAY**—5.1, As a Boy. 5.15, Records For Children. 5.45, How Does Your Garden Grow? 5.55. Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, An-nouncements; Cattle Market Report. 6.45, Beat the Memory Men. 7.30, Wierner Schnitzel. 7.55, Soccer: Inter-Cities Fairs Cup: Drumcon-dra v. Eintracht. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Casaimis Amhran. 10.45, Take It Easy. 11.0, Pop Call.

**THURSDAY**—5.01, Ceol Rince. 5.15, The Life of Other Days. 5.30, Children's Forum. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Dear-daoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, What Are They Talking About? 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Colm an Osta. 8.1, Sounds Continental. 8.30, Between Our-selves. 9.1, Her Own Woman. 9.15, 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Journey in Bavaria. 10.45, Recital.

# Timpeall an Domhain

**BRIGHTON**

Ag féile de scannáin a rinneadh faoi uisce, dúirt An Caiptín Jacques Yves Costeau an chaint seo: "Béidir go dtiocfadh, fríd an lia-eolaíocht, reabhlóid a thabhairt i gcrích i gcúrsaí maireachtála faoi uisce, agus go ndéanfaí an duine. Tá cróithe agus dubháin atá artaifisialta ar fáil cheana. An té a mbeadh ailse ins an dá scamhóig aige, béidir go dtiocfadh scamhóga bréige a thabhairt dó. Bheadh an duine sin agus thíocfadh a bheith beo faoi uisce. Tá mise ag tuar go dtiocfaidh réabhlóid ins na cúrsaí seo ó thaighde ailse."

Is cosúil go bhfuil eolaithe i S.A.M. ag obair ar bhréige a chuirfeadh ar chumas ainmhithe a bheith beo faoi uisce.

Ag an fhéile seo, chonaic na daoine scannán a rinneadh de theach an Chaiptín Costeau, Conshelf III, á chur síos faoi uisce na Mara Meáine anuraidh. An t-am sin, mhair seisear fear ar feadh thrí seachtainí agus iad faoi 328 troigh d'uisce.

**LONDAIN**

Ag Preas-Agallamh i Londain i rith na seachtaine, d'fhógair Mr. James Bredin, stiúrthóir bainistíochta Border Television, go bhfuil ceithre comhlucht de chuid ghréasán I.T.V. fá choinne scéim chomhoibritheach i gcúrsaí léiritheoireachta a bhunú. Siad U.T.V., Western, Border, agus Grampian na comhluchtaí, agus dúradh gur éirigh leo seo a dhéanamh cionns an ceathrar stiúrthóir a bheith comh mór sin lena chéile agus iad abálta oibriú go maith i gcomhar lena chéile. "Four Companies Productions" a bhéarfas siad ortha féin agus le linn an chéad bhliana dá saol dheanfaidh siad ceithre clár eolais a léiriú agus a mhaoiniú. Béidir go mbéadh ainm ag n-ár léitheoiriú sa cheathrú clár acu seo a bheas a léiriú i mBealtaine nó i Meitheamh na bliana seo chugainn "The Hardstuff" is ainm dó agus, mar is léir, cur síos a bheas ann ar dhéanamh uisce beatha, na daoine a lhíolas é, agus an pobal mór a ólas é.



ROIBEÁRD MAC CONMARA, AIRE COSANTA STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

**VIETNAM TUAISCEART**

I ráiteas a foillsíodh anseo an seachtain seo caite, dúirt Rialtas Hanoi nach rabh ceart da laghad ag Rialtas S.A.M. coinnealacha ar bith a bhrú sula mbeadh siad sasta a gcuid fórsaí a tharraingt anoir na bhaile "Beidh siochan sa tír comh luath agus d'eireochadh S.A.M. as an ionnsiu ar mhuinntir Vietnam."

D'fhogair Mr. Johnson ag an am cheanna gur mhaith le S.A.M. clár a shocrú fa imeacht na dtrupaí da mbéadh Hanoi sasta an rud cheanna a dhéanamh.

**DEISCEART**

Ar an taobh eile den teorann an seachtain seo tá toghachán le bheith ann chun Rialtas Daonfhlathach a chur in áit an junto míleata. De réir gach tuairisc rachaidh níos mó na 70% de na vótalaí cláraithe (as cúig milliún) chun na bothaí. Gidh go gcuirfidh na toghacháin seo dubhshraith dleathach faoi Rialtas an Uachtaráin Ky (is rún dó féin seasamh arís) ní féidir ar dhóigh ar bith a rá go mbeidh an rialtas bunaithe ar mhian an phobail. De réir rialacha an Dáil, ní ghlacann sé ach trian de na teachtaí guthú i leith Ky agus beidh an rialtas slán. Ní hé seo an cineál toghacháin a bhí na Buddists agus a lucht tacaíochta a mholadh le fada. Dar ndóigh, chuir na Poncanaigh in iúl nach rabh siad sásta leis an chineál seo, ach ag an am chéanna tá fhios ag an saoghal gur mian leo Rialtas laidir bheith ann, chan Rialtas daonfhlathach.

**RHODESIA**

Mar a dúirt mé coicíos ó shoin, bhí cuma air nach dtiocfadh Kenneth Kaunda, príomh-aire Zambia chuig Dáil Comhfhlathas na Breataine. De réir cosúlachta bhí iomlán an chirt aige fanacht sa bhaile. Cuireadh an t-aire Eachtrannaí ina áit, Simon Kapwepwe. Lá roimh deireadh an chruinniú shiúil sé amach ag rá gur thaispeáin an teacht-le-chéile nach rabh Mr. Wilson sasta iomlán nirt a úsáid i gcoinne rialtais mí-dleathach Ian Smith. "Ní bhfuair muid a dhath ar bith as an chomhdháil seo" dúirt Mr. Kapwepwe.

Deirtear fosta go bhfuil Rialtas na Breataine féin scoilte ar an cheist seo. Ach níl sin le rá gur mian le duine ar bith cogadh a bhrú ar Rhodesia. A mhalairt ar fad atá ann. Is ag éirí níos boige i dtaca le Rhodesia atá formhór an chomhaireacht.

Caidé fá dtaobh di seo thíos mar litir a bhí ar Gazette Steorabhaigh na seachtaine seo chuaidh thart? Níl seanGhaeilg Bhéal Feirste s'againne ró-dhona ar chor ar bith nuair a smaointíos tú air.

**FIFTY PER CENT. BEURLA!**

Sir,—Tha district councillor a complainigeadh nach eil ann an Gaidhlig an District Council ach fifty per cent. Beurla, anyway. Maybe, ach tha mi positive gu bheil e possible agenda council a chuir air adhair a cheart cho nog agus cho cluver anns a Ghaidhlig. Tha feadhain a believigeadh gu bheil Beurla na Wogs essential ach chan eil a sin ach nonsense. Cha bu choir look-in idir a bhi aca.

Considerig an drasda foreigner sam bith a winnigeadh election gu Urban District Council ann a Sasuinn. An toireadh iad dha permission eiridh air point of order ann an Spanish? Not likely! Bha sinn slack chun a seo ach a nise chan eil duine nach eil competent anns a Ghaidhlig gu bhi air allowigeadh air council.

Yours etc.,

DOMHNULL GREUM.

Thurso.

# COMORTAS BAILLEID

Beidh John Player & Sons ag reachtáil an chomórtas seo faoi choimirce na Comhairle Ealaíona i Halla Rí Seoirse VI ar an 13ú Dheire Fómhair. Béidh cead iomaíochta ag amhránaithe aonair, nó baicle de amhránaithe nó amhránaithe a bhfuil tionlacóirí ceoil i gcuideachta leo. 'Siad David Hammond, B.B.C. agus Séamus Ó Saothraí, píobaire agus iriseóir a bhéas ag moltóireacht.

Béidh reamh - chomórtas ann ar an 26ú nó an 27ú den mhí seo fá choinne 20 nó mar sin a roghnú le dul ar aghaidh go dtí an phríomh-chomortas. Bronnfar £50 don chéad ait, £25 don dar a h-ait, £15 don tríú agus £5 an ceann do chúigear eile. Is féidir foirmeacha iontrála a fháil ó Queen's House, Queen St.

Seo mur ndúshlán, a amhránaithe!

# AONTAI

Tá cupla seachtain ó shoin bhí cur-síos ar an pháipéar seo ar shean-Aonach na Lughnasa, a bíos ann achan bhliain i mBaile an Chaisteil, Co. Aontroma. Ainneoin aontaí gan a bheith comh mór sin agus a bhíodh, tá an ceann seo ag seasamh an fhóid go maith. Ar ndóighe bíonn suim ag achan duine ansin san aonach. Ní mar sin, afach, atá an scéal in áiteacha eile. Cuirim i gcás, Aonach an Fhómhair i mBéal Átha Seanaigh. Inné, Dé hAoine, a bhí sin ann. Aonach capall a bhíodh anseo ariamh, ach is beag beathach acu a tchifeá ar na saoltaí seo. Cé go mbíonn slua ag cruinniú ann go fóill, ní faic é i gcomórtas le haonach fiú 15 bliana ó shoin. I mbliana féin mar shampla níor díoladh bunús na mbó agus tchifeá ina dtréada iad a dtiomáint ar shiúl ón bhaile.

Tá lá na n-aontaí thart, déarfá, ach an fiú go mbéadh siad ann feasta mar atá na fleánna ceoil. Is ábhar tuarasóireachta iad i mbaile ar bith, agus mar sin de, gléas deánta airgid.

# LEATHANACH NA MION FHOGRAI

## CUIDIGH LE N-AR BHFOGROIRI

### Oideachas

**INSTITIÚID AN OIDEACHAIS.** Múinteoirí de gach caighdeán a dhith fá choinne cúrsaí do leanaí agus do dhaoine fásta. Scríobh chuig: Brian O Maoileoin, 18, Hillhead Ave., B.F. 11.

### Togail agus Coiriu Ti

**D. P. JOHNSON,** Péinteoir agus Maisitheoir. Meastacháin in aisce. Obair shlachtmhar. — 29, Rodney Pde., B.F. 12. Guthán 614192.

**T. Ó DOMHNAILL,** 32, Sráid Thompson. Gach saghas tógáil, cóiriú agus athchóiriú. Meastacháin saor in aisce. Guthán: 58010.

### Tithe Osta

**INTERNATIONAL HOTEL,** Cearnóg Dhún na nGall, Theas, Béal Feirste, 1. 54 seomraí leapa. Táillí réasúnta. Seomraí príomháideacha (slí iontu do 20 - 200 duine) i gcomhair bainseacha, céilithe, dinnéaraí. Restaurant Cliúiteach. Lán-cheadúnaithe.

### Caidreamh, Tabhairni, Etc.

**AN PIKE,** gach oíche Dhiardaoin, Terry's Bar, Sráid Milford. Ceol agus cuideachta. Fáilte ar leith roimh Ghaeil.

**GARFIELD BAR,** Lr. Garfield St., Béal Feirste 1. Togha dí agus cuideachta. Fear an tí:— Pádraig Mac Mathúna.

**AN SEAN-TEACH,** príomh-áras na nGael mBéal Feirste. Cuideachta Ghaelach agus scoith na dí. 168, Sr. Albert. Fear a' tí: T. Slevin.

### Ceirnini, Leabharthai, &rl.

**PREMIER.** Gach cineál ceirnín le fáil sa PREMIER, 63/67 Smithfield Market. Guthán 30896. Ceirníní Gael-Linn agus Gael-Fonn ina measc.

**SERRIDGE.** Fáilte romhat i siopa Serridge, 93 Sráid an Chaisleáin. Guthán 25021. Gach leabhar Gaeilge le fáil annseo.

GEARR ANNSEO

*FOIRM ORDAITHE AR MHIONFHOGRA*

## Foirm Ordaithe ar Mhionfhogra

| | | |
|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 |
| 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 |
| 16 | 17 | 18 |
| 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 |

Scríobh focal in achan spás atá a dhith, gearr amach an fhoirm agus seol í chuig

**An Bainisteoir Fógraíochta,**
**FOLLUS,**
**29, Knockbracken Cres., Carryduff,**
**BEAL FEIRSTE.**

**RATAI SPAS**

6 ph. an focal per eagrán (6/- íosmhéid)
4 chur-isteach ar phraghas triúr.
Bocsaí: 1/6 breise
(postas istoigh)

Don bhainisteoir fógraíochta:
Cuir isteach mo fhógra .............................. uaire.
Seo chugat .............................. in íocaíocht air.
Tá/Níl Uimhir Bosca a dhith orm.

Ainm ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ...

Seoladh ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ...

... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ...

M'ás aisiúla duit é, thig leat d'fhógra a thabhairt dúinn ar an ghuthán.

**GLAOIGH 33040**

# Ceannaigh "Sceal Ur"

TÁ "SCÉAL ÚR" anois á scaipeadh ar fud na cathrach. Is féidir é a cheannacht ag ceann ar bith de na tithe pobail seo leanas gach maidin Domhnaigh:—

**NAOMH TREASA, NAOMH ÚNA, NAOMH EOIN, NAOMH PÓL, CLUAIN ÁRD, NAOMH MUIRE.**

Tá sé le fáil fosta ins na siopaí seo:—

**MARSHALL, 120, Sr. Dhún na nGall.**
**LENNON, Lána an tSéipéil.**
**SERRIDGE, 93, Sr. an Chaisleáin.**
**THE WISHING WELL, 1, Cornmarket.**
**GORDON, 29a, Sr. Dubhais.**
**McKENNA, 171, Sr. Dubhais.**
**KILFEATHER, 86, Br. na bhFál.**
**RICHARDS, 35, Sr. Cluain Ard.**
**MACKIN, 99, Br. na bhFál.**
**FAGAN, 197, Br. na bhFál.**
**WATERSON, 477, Br. na bhFál.**
**MURRAY, 79-81, Br. Andersonstown.**
**O'NEILL, 210, Br. Andersonstown.**
**McGARRY, 77, Br. an Ghleanna.**
**CLARKE, 42, Br. an Ghleanna.**
**PREMIER, Smith field Market.**

*SCÉAL ÚR*

*Iris Ghaeltacht Bheal Feirste*

Féadfaidh tú an páipéar a fháil tríd an phost ar feadh bliana ar £2-0-0. Líon an fhoirm seo agus seol arais í chuig:

FOLLUS,
11, SRAID CAWNPORE,
BEAL FEIRSTE 13.

CUIR CHUGAM "SCEAL UR" AR FEADH BLIANA.

Seic/Ordú Poist istigh ar ..............................

AINM ..............................

SEOLADH ..............................

..............................

..............................

### Saothar agus Seirbhisi

**CEARDAITHE** a dhith. Má tá ceard nó scil agat ba mhaith linn scéal suimiúil a phlé leat. Sé do leas clarú linn. Glaoigh, scríobh, no buail isteach: EADRAS, 110, North St., Béal Feirste, 1. Guthán 33040.

**SEIRBHISI OIFIGE,** gearradh stionsal i dteanga ar bith, eamhnú. EADRAS, 110, North St., B. F., 1. Guthán 33040.

**LON-EARRAI.** Bheirimid do chuid earraí grósaera agus eile chun tí chugat. Cuir do ordú chuig: An Bainisteoir, DALUS, (Seirbhís siopadóireachta), 63, Cliftonpark Ave., B.F. 14, nó glaoigh 33040.

**AMHRAN** ar bith idir fhonn agus fhocail le fáil ar ribín. Tearmaí agus tuille eolais ó: An tSeirbhís Cheoil, f/ch. FOLLUS, 11, Sr. Cawnpore, B. F. 13.

**SPASCO.** B'fhéidir nach bhfuil tú tugtha don fhear ó UNCLE ach bí ag caint leis an fhear ó SPASCO ar gach gné fograíochta. IS FIU FOGRA A CHUR AR "SCEAL UR". Glaoigh 827720 nó 33040.

### Gluaisteain, Taxi, Etc.

**MOLEY'S MOTORS,** 49, Cearnóg Victoria, Béal Feirste 1. Gluaisteáin ar fostadh. Glaoigh: 33123, go dtí an 9 p.m.

### Biotailte, Mianrai, Etc.

**Guinness Gléineach**
**i mBarr a Apaíochta**
**ó**
**McKENNA & McGINLEY**
**Limited, Béal Feirste.**
Glaoigh 21514, 31704

# "SCEAL UR"

## Ratai Fograiochta Faoi Lathair

**OIFIG: 110a NORTH ST., BÉAL FEIRSTE, 1.**

**Guthán: 33040.**
**Eagarthoir: SEÁN MAC AINDREASA;**
**Bainisteoir Fograíochta: D. Ó hAGAIN.**

* * * *

## RATAI FOGRAIOCHTA

| | | | |
|---|---|---|---|
| MIONFHOGRA BLIANA ... ... ... ... | £13 | 10 | 0 |
| COL. ORLAIGH BLIANA ... ... ... ... | £35 | 0 | 0 |
| COLUN ORLAIGH ... ... ... ... ... | £ 1 | 0 | 0 |
| ⅛ LEATHANAIGH ... ... ... ... ... | £ 7 | 10 | 0 |
| ¼ LEATHANAIGH ... ... ... ... ... | £15 | 0 | 0 |
| ½ LEATHANAIGH ... ... ... ... ... | £25 | 0 | 0 |
| 1 LEATH. IOMLAN ... ... ... ... ... | £45 | 0 | 0 |

CHEAD LEATHANACH: 15% BREISE.
LACAISTI AR SHREATHANNA.

* * * *

## SCEAL UR

* Foilsiodh an chead eagran de SCÉAL ÚR i Mí Feabhra, 1966. Ce gur do Ghaeilgeoiri Bhéal Feirste a foilsithear e, leitear an páipéar ar fud na hÉireann agus in Albain agus tá sé a leamh ag Gaeil (Éireannacha agus Albanacha) i Sasain agus i dtiortha eile fosta.

* Ní páipéar do Ghluaiseacht na Gaeilge ach do phobal Gaeilge e, agus ar an abhar sin ní dearcadh teoranta eagraíochta a leiritear ann.

* Bíonn nuaíocht roghnaithe ann nach bhfuil ar fáil in irisí eile. Ní ghlacann sé áit irise ar bith eile Gaeilge agus ní aithris ar iris ar bith eile. e Cuireann sé le raon an abhar leitheoireachta a bhfuil riachtanas leis agus eileamh air imeasc phobal na Gaeilge.

* * * *

★ **FOILSITHE AR AN SATHARN**

★ **LUACH: 6ph.**

★ **Foilsithe ag FOLLUS,**
**11, Sr. Cawnpore, Béal Feirste, 13.**

Clobhuailte ag an "Donegal Democrat."